Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Eanáir 2021
(OR. en)

5210/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0044 (NLE)**

**AVIATION 5**
**RELEX 15**
**COREE 2**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontuithe thar ceann an Aontais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí |

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontuithe thar ceann an Aontais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) i gcomhar le pointe (a) d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an [dáta] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/608 ón gComhairle[1], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí ('an Comhaontú') an 25 Meitheamh 2020, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Is é is cuspóir leis an gComhaontú comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir roinnt Ballstát agus Poblacht na Cóiré a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/608 ón gComhairle an 24 Aibreán 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (IO L 142, 5.5.2020, lch. 1).

*Airteagal 1*

Leis seo, formheaster an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí thar ceann an Aontais[1] [+] [++].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 8(1) den Chomhaontú[2].

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

**1** Ní hann do théacs an Chomhaontuithe seo sa Ghaeilge.

\+ IO: Ní hann do théacs an Chomhaontuithe seo sa Ghaeilge.

++ Toscaireachtaí: féach doiciméad ST 15082/19.

**2** Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.